# Féile Eolaíochta

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhéile eolaíochta sa Ghaillimh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat míniú na dtéarmaí / bhfrásaí Gaeilge a aimsiú:

| | | |
|---|---|---|
| aidhm | suim a spreagadh | reáchtálfar |
| a mhúscailt | machnamh a dhéanamh | imeachtaí agus seónna |
| féile bhliantúil | an-deis | trealamh |

Féachaigí ar an mhír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

**Ceist 2** Féach ar na hábhair scoile a luadh sa mhír, an bhfuil siad á ndéanamh agatsa? Pléigh leis an duine in aice leat.

**An eolaíocht, an teicneolaíocht, an fhisic, an mhatamaitic agus an innealtóireacht.**

Scríobh liosta de na hábhair scoile a bhfuil tú ag déanamh staidéir orthu. Ná déan dearmad den riail 'caol le caol agus leathan le leathan' agus tú ag scríobh:

Leathan le leathan: eol-aí-ocht
Caol le caol: fis-ic

**Ceist 3** Éist leis an mhír uair amháin eile agus freagair na ceisteanna:

1. Cá bhfuil an fhéile ar siúl?
2. Cé chomh fada is atá an fhéile ar siúl?
3. Cén fáth a reáchtálfar a leithéid d'fhéile?
4. Cé mhéad dalta scoile a ghlacann páirt san fhéile?
5. Cé mhéad scoil a ghlacann páirt san fhéile?

**Ceist 4** **'…sa mhatamaitic...'**

(a) Cad í an difríocht idir 'sa ghluaisteán' agus 'i ngluaisteán'? Pléigh leis an duine in aice leat.

(b) Anois, cad is féidir libh a rá faoi na hathruithe a thagann ar an fhocal 'gluaisteán' tar éis ***sa*** agus tar éis ***i***?

(c) Cad is féidir libh a rá faoi na samplaí seo anois: 'san eolaíocht' agus in 'eolaíocht'?

(d) Cuirigí ***sa*** nó ***i*** roimh na focail thíos:

- an banc
- garáiste
- scoil
- an baile
- an chathair
- aois

**Ceist 5** ‘…*an-deis*…’

a) Cad is brí leis an réimír an- sa sampla thuas? Cad is brí leis de ghnáth?
b) An dtagann urú nó séimhiú tar éis an- de ghnáth?
c) Cad faoi fhocail a thosaíonn le d / t / s / l / n?

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Ar fhreastail tú féin riamh ar fhéile mar seo?
An bhfuil go leor obair phraiticiúil mar chuid de na hábhair eolaíochta sa scoil, dar leat?
Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh daoine óga staidéar ar an eolaíocht agus ar an teicneolaíocht san ollscoil, dar leat?

**Freagraí**

**Ceist 1**

aidhm – *aim*
suim a spreagadh – *inspire interest*
reáchtálfar – *will be organised*
a mhúscailt – *to wake up / to inspire*
machnamh a dhéanamh – *to think*
imeachtaí agus seónna – *events and shows*
féile bhliantúil – *annual festival*
an-deis – *a great opportunity*
trealamh – *equipment*

**Ceist 2**

Bí cinnte go bhfuil na foghlaimeoirí in ann na hábhair a bhfuil siad ag déanamh staidéir orthu a rá agus a scríobh go cruinn. Tabhair deis dóibh plé a dhéanamh ar a gcuid ábhar. Téigh siar ar an riail 'caol le caol agus leathan le leathan' leo:

Nuair a bhíonn dhá shiolla nó níos mó i bhfocal caithfidh na siollaí a bheith de réir a chéile ó thaobh na ngutaí de. Má bhíonn guta caol roimh an chonsan sa chéad siolla ba cheart go mbeadh guta caol i ndiaidh an chonsain. Féach –

| F | I | S | I | C |
|---|---|---|---|---|
| | guta caol | consan | guta caol | |

Má bhíonn guta leathan roimh an chonsan sa chéad siolla ba cheart go mbeadh guta leathan i ndiaidh an chonsain. Féach –

| E | O | L | A | Í | O | C | H | T |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | guta leathan | consan | guta leathan | | | | | |

**Ceist 3**

1. Ar fud chontae agus chathair na Gaillimhe.
2. Le cúig bliana déag anuas.
3. Le suim a spreagadh i ndaoine óga staidéar a dhéanamh ar an eolaíocht san ollscoil.
4. 15,000
5. 120

**Ceist 4**

(a) sa = i + an (sa ghluaisteán = *in the car);* ***i*** = *in a* (i ngluaisteán = *in a car)*
(b) Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis ***sa*** agus urú ar an ainmfhocal tar éis ***i***.
(c) Athraíonn 'sa' go 'san' agus athraíonn 'i' go 'in' roimh ghuta.
(d) sa bhanc / i ngaráiste / i scoil / sa bhaile / sa chathair / in aois

**Ceist 5**

a) A great opportunity. De ghnáth, ciallaíonn sé 'very'.
b) Séimhiú de ghnáth.
c) Ní féidir séimhiú a chur ar d / t / s / l / n tar éis an-.

**Ceist 6**

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

**Maolra Mac Donnchadha**
Cuireadh tús leis an gcúigiú féile dhéag[i] san eolaíocht agus sa teicneolaíocht i gCathair na Gaillimhe inniu. Tá baint ag an bhféile le seachtain náisiúnta na heolaíochta agus é mar aidhm léi suim a spreagadh i ndaoine óga le súil go ngabhfadh siad leis na hábhair sin ag an tríú leibhéal.

**Áine Lally**
Reáchtálfar lear mór seónna cosúil leis an gceann seo as seo go dtí deireadh na míosa mar chuid d'fhéile eolaíochta agus teicneolaíochta na Gaillimhe. Cúig bliana déag ó shin a bunaíodh an fhéile chun suim san eolaíocht, sa teicneolaíocht, sa mhatamaitic[ii] agus san innealtóireacht a mhúscailt i ndaoine óga ionas go ngabhfadh siad leis na hábhair sin.

**Tom Hyland**
Tá na huimhreacha agus an uimhir daltaí ag éirí agus ag éirí (níos mó) agus tá go leor postanna[iii] le fáil sna comhlachtaí sa *biometic area* agus *also* sa *software area*.

"Cuidíonn an fhéile seo liomsa agus le mo chairde machnamh a dhéanamh faoi chúrsaí fisice[iv] agus eolaíochta anseo."

"Agus cuidíonn sé le daoine m'aois-se[v] níos mó suime a fháil isteach san eolaíocht má bhíonn siad ag iarraidh é a dhéanamh san ollscoil nó rud éicint."

**Áine Lally**
Cuirfear imeachtaí agus seónna saor in aisce ar fáil do chúig mhíle dhéag dalta le céad fiche bunscoil agus meánscoil ar fud chontae agus chathair na Gaillimhe mar chuid den fhéile bhliantúil seo.

**Laoise Bhreathnach**
Tugann sé an-deis dúinn cur le hobair na scoile mar tagann leithéidí *Ionad Oideachais na Gaillimhe* isteach agus a bpáirtnéirí *Medtronic* agus iad sin agus tugann siad trealamh leo agus cuireann siad na páistí ag obair.

"Seo *jet ski* agus rinne mise agus Conchúr é"

"Ní maith liom bheith sa seomra ranga ag déanamh mata agus *spelling* agus táblaí. Tá sé i bhfad níos fearr a bheith anseo ag déanamh *navy ship* le mo chara"

**Áine Lally**
Áine Lally, Nuacht TG4

[i] *déag* a deirtear
[ii] *sa matamaitic* a deirtear
[iii] *poist* atá sa chaighdeán
[iv] *fisic* a deirtear
[v] *m'aois* a deirtear